NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Do pháiste agus trialacha caighdeánaithe

An scór caighdeánach a thuiscint

Fad a bheidh do pháiste sa bhunscoil déanfaidh sí/sé trialacha caighdeánaithe sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic. Cuirfear trialacha caighdeánaithe freisin ar an léitheoireacht i nGaeilge ar pháistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Beidh ar scoileanna na trialacha a úsáid i rang 2, rang 4 agus rang 6 agus beidh orthu na torthaí a chur ar fáil duit. Míníonn an bhileog seo a bhfuil i gceist le trialacha chaighdeánaithe agus an chaoi a gcabhraíonn siad le foghlaim do pháiste.

Cad is triail chaighdeánaithe ann?

Is cuimhin linn ar fad trialacha a dhéanamh ar scoil. Seans go n-insíonn do pháiste duit é nuair a dhéanann sí/sé triail litrithe nó táblaí a réitíonn an múinteoir. Cineál trialach eile is ea triail chaighdeánaithe. Leis na tástálacha caighdeánacha i léitheoireacht Béarla agus matamaitic déantar an mhéid atá bainte amach ag páiste a thomhas i gcomparáid le páistí eile sna scoileanna go léir ag an leibhéal ranga céanna agus ag an aois chéanna. Leis an tástáil chaighdeánach i léitheoireacht na Gaeilge, déantar an mhéid atá bainte amach ag páiste a thomhas i gcomparáid le páistí eile sna scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge ag an leibhéal ranga céanna agus ag an aois chéanna. Léiríonn an triail chaighdeánaithe sa léitheoireacht Bhéarla agus an triail ar an léitheoireacht i nGaeilge an tuiscint atá ag do pháiste ar an méid atá á léamh aici/aige. Ní bhailíonn na trialacha seo eolas mar gheall ar ghnóthachtáil scríofa nó labhartha do pháiste sa Bhéarla nó sa Ghaeilge. Insíonn an triail mhatamaitice cé chomh maith agus is féidir le do pháiste uimhreacha a úsáid chun rudaí difriúla a dhéanamh agus fadhbanna matamaitice a réiteach.

Is féidir le scoileanna rogha a dhéanamh as measc trialacha caighdeánaithe éagsúla a forbraíodh le húsáid i mbunscoileanna na hÉireann. Tá na trialacha bunaithe ar an gcuraclam. Tá leibhéil dhifriúla sna trialacha seo mar sin bainfidh an triail a dhéanfaidh do pháiste i rang a haon/dó le haois do pháiste agus leis an gcuraclam don leibhéal ranga sin.

An gcuirfear na trialacha caighdeánaithe go léir ar gach uile pháiste?

Ní chuirfear. Cuirfear trialacha caighdeánaithe ar an léitheoireacht i mBéarla agus ar an matamaitic ar pháistí ag foghlaim trí mheán an Bhéarla. Cuirfear trialacha caighdeánaithe ar an léitheoireacht i mBéarla. agus i nGaeilge agus ar an matamaitic ar pháistí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge.

An ionann trialacha caighdeánaithe agus trialacha éirime?

Ní hionann. Ní trialacha éirime iad trialacha caighdeánaithe. An phríomhchúis go ndéantar trialacha caighdeánaithe ná chun gur féidir leis an múinteoir foghlaim do pháiste a phleanáil, agus chun eolas a sholáthar duitse faoi conas mar atá ag éirí leis an bpáiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge. Nuair a léitear torthaí na dtrialacha le hais eolas eile a bhailíonn an múinteoir trí a bheith ag breathnú ar do pháiste agus í/é ag obair, trí a bheith ag caint léi/leis agus ag féachaint ar a c(h)uid oibre, taispeánann siad conas mar atá ag éirí leis an bpáiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge, agus cabhraíonn siad leis an múinteoir nearta agus laigí do pháiste a aithint.

ad chuige trialacha caighdeánaithe?

Baintear úsáid as trialacha caighdeánaithe chun

- tuairisc a thabhairt duit mar thuismitheoir ar conas mar atá ag éirí le do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge.
- a fháil amach an bhfuil deacrachtaí foghlama ag do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge ionas gur féidir leis an scoil tacaíochtaí oiriúnacha a sholáthar más gá
- a fháil amach an bhfuil ag éirí go han-mhaith ar fad le do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla nó sa mhatamaitic nó sa léitheoireacht i nGaeilge ionas gur féidir eispéiris foghlama oiriúnacha a cheapadh di/dó.
- cabhrú leis an múinteoir plean a cheapadh d'fhoghlaim bhreise i réimsí eile den churaclam mar tá sé tábhachtach go mbeadh do pháiste ag dul chun cinn sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge chun gur féidir léi/leis leas a bhaint as gach cuid den fhoghlaim.

Cathain a dhéantar trialacha caighdeánaithe?

Caithfidh scoileanna úsáid a bhaint as trialacha caighdeánaithe ag trí ócáid ar leith le linn bhunscolaíocht do linbh.

- Caithfidh scoileanna, ag múineadh trí mheán an Bhéarla trialacha caighdeánaithe a chur ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh i gcás daltaí i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 ar aghaidh.
- Caithfidh scoileanna, ag múineadh trí mheán na Gaeilge trialacha caighdeánaithe a chur ar léitheoireacht Ghaeilge, ar léitheoireacht Bhéarla agus ar an matamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh le haghaidh daltaí i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 ar aghaidh.

Baineann an-chuid scoileanna úsáid as na trialacha i ranganna eile chomh maith.

An mbíonn ar gach páiste na trialacha caighdeánaithe a dhéanamh?

Tá líon beag páistí ann nach mbíonn orthu na trialacha a dhéanamh. Mar shampla, más teanga eile seachas an Béarla máthairtheanga do pháiste, d'fhéadfadh an múinteoir a shocrú nach ndéanfaidh sí/sé an triail léitheoireachta sa Bhéarla. Ach d'fhéadfadh do pháiste an triail mhatamaitice a dhéanamh, áfach. Má tá do pháiste faoi mhíchumas foghlama nó fisiceach, d'fhéadfadh an múinteoir a shocrú gan triail ar leith a thabhairt ach bealach eile a úsáid chun dul chun cinn an pháiste a sheiceáil. I ngach cás, bainfidh an múinteoir úsáid as an eolas atá aici/aige mar gheall ar do pháiste chun a shocrú cibé ar chóir di/dó an triail léitheoireachta Bhéarla, an triail mhatamaitice agus an triail léitheoireachta Ghaeilge a dhéanamh.

Ar chóir dom cabhrú le mo pháiste a bheith ullamh do na trialacha caighdeánaithe?

Níor chóir. Níl sna trialacha caighdeánaithe ach foinse amháin eolais mar gheall ar dhul chun cinn do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge. Bíonn an múinteoir ag bailiú eolais mar gheall ar fhoghlaim do pháiste an t-am ar fad. Déanfaidh do pháiste na trialacha caighdeánaithe ar ghnáthlá scoile mar chuid dá g(h)náthobair sa seomra ranga. Go deimhin,

d'fhéadfadh sé tarlú nach dtabharfaidh do pháiste faoi deara fiú go bhfuil trialacha á ndéanamh aici/aige.

Conas a bhfaighidh mé scéala faoi ghnóthú mo pháiste sna trialacha caighdeánaithe?

Feicfidh tú torthaí na dtrialacha ar thuairisc scoile do linbh ag deireadh rang 2, rang 4 agus rang 6.

Conas a thuigfidh mé scóir na dtrialacha?

Beidh sé cloiste agat ó do pháiste go bhfuair sí/sé 62% i scrúdú matamaitice nó 9 as 15 i scrúdú litrithe. Baineann trialacha caighdeánaithe úsáid as cineálacha eile scóir de ghnáth. D'fhéadfadh an múinteoir torthaí do pháistí a thabhairt duit mar scór caighdeánach.

Conas scóir chaighdeánacha a thuiscint

Téann scóir chaighdeánacha de ghnáth ó 55 go 145 agus is é 100 an meánscór ar thriail chaighdeánaithe. Tugann an tábla thíos cur síos ar an rud a chiallaíonn scóir chaighdeánacha difriúla mar gheall ar dhul chun cinn do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic, agus sa léitheoireacht i nGaeilge.

Scór caighdeánach	Míniú an scóir	% measta de pháistí a fuair an scór seo
130 agus os a chionn	An-ard	2%
120 - 129	Ard	7%
110 - 119	Meánach ard	16%
90 - 109	Meánach	50%
80 - 89	Meánach íseal	16%
70 - 79	Íseal	7%
Faoi bhun 70	An-íseal	2%

Má fhaigheann do pháiste scór caighdeánach idir 90 agus 109, beidh a fhios agat gur éirigh léi/leis an marc céanna le formhór na bpáistí a fháil. Bíonn scóir chaighdeánacha sa bhanda seo ag tuairim is leath de pháistí na hÉireann. Feicfidh tú ón tábla go mbíonn scóir chaighdeánacha eile os cionn agus faoi bhun an mheáin.

Amhail trialacha eile a dhéanfaidh do pháiste ar scoil, braitheann torthaí thriail chaighdeánaithe roinnt ar an gcaoi a mhothaíonn sí/sé ar lá na trialach agus cibé an bhfuil imní nó floscadh uirthi/air mar gheall ar rud éigin sa bhaile nó ar scoil. Ciallaíonn sé sin gur léiriú é gach toradh trialach ar chaighdeán do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge. Tá cúram tábhachtach ortsa an páiste a spreagadh agus tacú léi/leis is cuma cén scór a fhaigheann sí/sé sna trialacha.

Má fhaigheann an páiste scór íseal, cad a chiallaíonn sé sin?

D'fhéadfadh scór caighdeánach íseal (80, mar shampla) a thabhairt le fios go bhféadfadh sé go bhfuil deacrachtaí ag do pháiste leis an léitheoireacht Bhéarla nó leis an matamaitic nó leis an léitheoireacht i nGaeilge. Ní leor scór trialach amháin chun pictiúr iomlán a fháil den fhoghlaim atá ar siúl ag do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla nó sa mhatamaitic nó sa léitheoireacht i nGaeilge. D'fhéadfadh an múinteoir a shocrú breis eolais a bhailiú mar gheall ar do pháiste ó thrialacha eile, agus ón méid a thugann sí/sé féin faoi deara sa rang. Beidh tuilleadh eolais agat féin chomh maith ó a bheith ag cabhrú le do pháiste leis an obair bhaile agus ón méid a deir sí/sé faoin obair scoile. D'fhéadfadh an múinteoir a iarraidh ar chomhghleacaí ar a dtugtar an múinteoir tacaíochta foghlama féachaint ar scóir do pháiste agus ar eolas eile mar gheall ar mheasúnú do pháiste. D'fhéadfaidís a shocrú go mbainfeadh do pháiste buntáiste as tacaíocht bhreise leis an léitheoireacht nó leis an matamaitic. Is í/é an múinteoir tacaíochta foghlama a thabharfaidh an tacaíocht

bhreise seo. Labhróidh an múinteoir ranga leat faoi sin.

Seans go mbeadh an DVD do thuismitheoirí The What, Why and How of children's learning in primary school úsáideach duit agus tú ag iarraidh labhairt le do pháiste mar gheall ar dhul i mbun oibre leis an múinteoir tacaíochta foghlama. Ar an DVD cloistear Courtney, cailín i rang a dó, agus a máthair ag caint mar gheall ar an gcaoi a bhfuair siad cabhair bhreise do Courtney leis an léitheoireacht Bhéarla. Muna bhfuil cóip den DVD agat, is féidir leat an físeán a fheiceáil ar leathanach baile láithreán gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag: www.ncca.ie. (Cliceáil an cnaipe do Churaclam na Bunscoile: Eolas do thuismitheoirí).

Má fhaigheann mo pháiste scór ard, cad a chiallaíonn sé sin?

D'fhéadfadh scór ard a thabhairt le fios go bhfuil do pháiste ag déanamh an-dul chun cinn sa léitheoireacht Bhéarla nó sa mhatamaitic nó sa léitheoireacht i nGaeilge. Dála na scór íseal, ní leor scór ard amháin chun é sin a chinntiú. Bainfidh múinteoir do pháiste úsáid as eolas ó mheasúnachtaí eile a rinneadh sa seomra ranga chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhul chun cinn do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge.

Ar chóir dom an scór a roinnt le mo pháiste?

Tá aithne níos fearr agatsa ar do pháiste ná mar atá ag duine ar bith eile. Is cuma cad é an scór, tá sé tábhachtach go spreagfá do pháiste chun a d(h)ícheall a dhéanamh, agus go gcabhrófá léi/leis tabhairt faoin léitheoireacht Bhéarla, faoin matamaitic agus faoin léitheoireacht i nGaeilge. Má tá an scór íseal agus má bhíonn cabhair bhreise ag teastáil ó do pháiste leis an léitheoireacht nó leis an matamaitic, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú labhairt léi/leis faoi seo agus cabhrú léi/leis féachaint ar an gcabhair mar rud dearfach.

Ag cabhrú le mo pháiste taitneamh a bhaint as an scoil agus bheith rathúil san fhoghlaim

Tá sé tábhachtach, ar mhaithe le tacú le foghlaim do pháiste, go ndéanfaí trialacha caighdeánaithe trí huaire ar a laghad le linn blianta na bunscoile chun eolas a bhailiú mar gheall ar dhul chun cinn do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht i nGaeilge. Ar deireadh, is féidir leis an tacaíocht seo cabhrú le do pháiste taitneamh a bhaint as a scolaíocht agus leas a bhaint as an iliomad deiseanna foghlama a chruthaíonn tú féin agus múinteoirí do pháiste.